

Scéalta Choimeádaí an Tí Solais

Nuair a thug muid cuairt ar an teach solais cheap mé nach mbeadh i gceist ach dreapadh staighre agus breathnú ar na radharcanna. Ach ansin bhuail muid leis an iarchoimeádaí, a thosaigh ag insint scéalta dúinn faoi stoirmeacha, tarrtháil agus báid a thabhairt i dtír go sábháilte. Bhí sé suimiúil machnamh a dhéanamh ar an méid daoine a bhain úsáid as an bhfarraige san am atá thart. A bhuíochas leis na scéalta sin thosaigh mé ag cur spéise sna daoine áitiúla go léir a raibh baint acu leis na báid.

Mhair na scéalta sin i mo chloigeann, agus an chéad lá eile a bhí mé ar scoil d'inis mé na scéalta do na daoine eile i mo rang. Shocraigh muid na scéalta a scríobh síos. D'oibrigh muid le chéile chun leabhar a chruthú, agus chuir muid pictiúir agus grianghraif leis an leabhar chomh maith.

Thug muid cuireadh don bhaile ar fad teacht chuig oíche scéalaíochta ag an teach solais. D'inis muid roinnt de na scéalta ag an ócáid. Cheannaigh daoine an leabhar, agus dheonaigh muid an t-airgead don teach solais, chun roinnt deisiúcháin a chur i gcrích. Mhothaigh sé iontach ar fad a bheith páirteach in ócáid chun cuid dár stair a choinneáil beo.

